Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**14792/25**

**CO EUR-PREP 36**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (18 agus 19 Nollaig 2025)<br>– Dréacht-Chlár Oibre anótáilte |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin, le dréachtchlár oibre anótáilte a chur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta.*

*Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchlár oibre anótáilte a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ina leagtar amach na príomhábhair a dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu ag an gcruinniú thuas, mar a mheastar.*

*I bhfianaise an phlé deiridh a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta laistigh de chúig lá roimh an gcruinniú den Chomhairle Eorpach, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí leis an gclár oibre sealadach a dhréachtú.*

## I. AN ÚCRÁIN

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar gach gné de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ar thacaíocht leanúnach an Aontais don Úcráin agus dá muintir, ina measc riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine.

## II. AN MEÁNOIRTHEAR

Pléifidh an Chomhairle Eorpach a bhfuil ag tarlú sa Mheánoirthear.

## III. AN CHÉAD CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL EILE

Beidh seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile.

## IV. MÉADÚ

Beidh plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir leis an mbealach chun cinn i ndáil leis an méadú.

## V. AN IMIRCE

Breithneoidh an Chomhairle Eorpach an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na gconclúidí uaithi maidir leis an imirce.

## VI. AN GHEO-EACNAMAÍOCHT AGUS AN tIOMAÍOCHAS

Beidh plé ag an gComhairle Eorpach maidir leis an staid gheo-eacnamaíoch agus na himpleachtaí a bheidh aici ar iomaíochas an Aontais.